RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/724 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Márta 2021

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na cumarsáidí is gá do na Ballstáit a chur chuig an gCoimisiún maidir leis na comhlachtaí arna gceapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar phróisis aosaithe le haghaidh deochanna biotáilleacha agus na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcóil eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ([1]), agus go háirithe pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 20 agus Airteagal 44(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceanglaítear le hAirteagal 13(6) de Rialachán (AE) 2019/787 gur faoi mhaoirseacht ioncaim Ballstáit nó faoi mhaoirseacht lena soláthraítear ráthaíochtaí coibhéiseacha a dhéanfar na hoibríochtaí chun deochanna biotáilleacha a aosú.

(2) Chun na críche sin, ceapfaidh na Ballstát na comhlachtaí a bheidh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na próisis aosaithe sin agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi ionas go bhféadfaidh sé clár poiblí a chur ar bun ina liostófar na comhlachtaí ceaptha sin.

(3) Foráiltear le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2019/787 gurb iad na Ballstáit atá freagrach as seiceálacha a dhéanamh ar dheochanna biotáilleacha. Déanfaidh siad na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán sin agus ainmneoidh siad na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán sin.

(4) Chun a áirithiú go mbeidh cumarsáid éifeachtúil ann idir an Coimisiún agus na comhlachtaí atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar phróisis aosaithe agus na húdaráis inniúla atá freagrach as a áirithiú go comhlíonfar Rialachán (AE) 2019/787, is iomchuí a cheangal ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi shonraí teagmhála a gcomhlachtaí faoi seach atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar phróisis aosaithe agus na n-údarás inniúil atá freagrach as comhlíonadh an Rialacháin sin a áirithiú.

(5) Chun a áirithiú gur ar bhealach simplí éifeachtúil a chuirfidh na Ballstáit cumarsáidí chuig an gCoimisiún, i gcás ina gceapfaidh Ballstát níos mó ná comhlacht amháin le maoirseacht a dhéanamh ar na próisis aosaithe le haghaidh deochanna biotáilleacha nó níos mó ná údarás inniúil amháin a bheidh freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfar Rialachán (AE) 2019/787, is iomchuí a cheangal go n-ainmneoidh an Ballstát sin comhlacht idirchaidrimh mar phointe teagmhála aonair don Choimisiún. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún freisin faoi shonraí teagmhála a gcomhlachtaí idirchaidrimh.

(6) Chun a áirithiú go ndéanfar faisnéis a chur in iúl go héifeachtúil idir na Ballstáit agus an Coimisiún, ba cheart rialacha a leagan síos freisin maidir le foirm agus le spriocdhátaí na gcumarsáidí sin.

(7) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 25 Bealtaine 2021, i gcomhréir le hAirteagal 51(3) de Rialachán (AE) 2019/787.

(8) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Dheochanna Biotáilleacha,

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 1.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Faisnéis a mbeidh fógra le tabhairt don Choimisiún faoi

1. Maidir leis na comhlachtaí a ceapadh le maoirseacht a dhéanamh ar na próisis aosaithe le haghaidh deochanna biotáilleacha i gcomhréir le hAirteagal 13(6) de Rialachán (AE) 2019/787, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún i dtaobh na faisnéise seo a leanas:

(a) ainm, seoladh, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist an chomhlachta a ceapadh le maoirseacht a dhéanamh ar na próisis aosaithe le haghaidh deochanna biotáilleacha;

(b) i gcás ina gceaptar roinnt comhlachtaí chun maoirseacht a dhéanamh ar na próisis aosaithe le haghaidh deochanna biotáilleacha, an fhreagracht ar leith a bheidh ar gach ceann acu;

(c) ainm, seoladh, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist an chomhlachta idirchaidrimh a ainmníodh i gcomhréir leis an gcéad mhír d'Airteagal 2.

2. Maidir leis na húdaráis inniúla atá freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfar Rialachán (AE) 2019/787 i gcomhréir le hAirteagal 43(1) den Rialachán sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún i dtaobh na faisnéise seo a leanas:

(a) ainm, seoladh, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist an údaráis inniúil;

(b) i gcás ina n-ainmnítear roinnt údarás inniúil, an fhreagracht ar leith a bheidh ar gach ceann acu;

(c) ainm, seoladh, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist an chomhlachta idirchaidrimh a ainmníodh i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 2.

Airteagal 2

Comhlachtaí idirchaidrimh a ainmniú

I gcás ina gceapfaidh Ballstát níos mó ná comhlacht amháin chun maoirseacht a dhéanamh ar na próisis aosaithe le haghaidh deochanna biotáilleacha, ainmneoidh sé comhlacht idirchaidrimh le haghaidh na gcomhlachtaí sin a dhéanann maoirseacht ar phróisis aosaithe.

I gcás ina gceapfaidh Ballstát níos mó ná údarás inniúil amháin a bheidh freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfar Rialachán (AE) 2019/787, ainmneoidh sé comhlacht idirchaidrimh le haghaidh na n-údarás inniúil sin.

Beidh an dá chomhlacht idirchaidrimh freagrach as faisnéis a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Spriocdháta agus módúlachtaí maidir le fógraí a thabhairt do na comhlachtaí a ceapadh le maoirseacht a dhéanamh ar phróisis aosaithe le haghaidh deochanna biotáilleacha agus do na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfar Rialachán (AE) 2019/787

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis an bhfaisnéis a leagtar amach in Airteagal 1 faoin 25 Lúnasa 2021.

2. Aon athrú a dhéanfar ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar tugadh fógra faoi, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi laistigh de 3 mhí ón dáta a tharla an t-athrú.

3. Déanfar na fógraí sin trí úsáid a bhaint as na foirmeacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I le haghaidh faisnéise a bhaineann leis na comhlachtaí a ceapadh le maoirseacht a dhéanamh ar na próisis aosaithe le haghaidh deochanna biotáilleacha agus in Iarscríbhinn II le haghaidh faisnéise a bhaineann leis na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfar Rialachán (AE) 2019/787.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige amhail ón 25 Bealtaine 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Márta 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

An fhoirm le haghaidh an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 1(1)

Ballstát:

Dáta an fhógra:

Líontar isteach Cuid A más rud é go ceaptar comhlacht aonair le maoirseacht a dhéanamh ar phróisis aosaithe deochanna biotáilleacha nó Cuid B más rud é go gceaptar roinnt comhlachtaí le maoirseacht a dhéanamh ar na próisis sin. Sa dara cás, líontar isteach Cuid C freisin.

CUID A

COMHLACHT A CEAPADH LE MAOIRSEACHT A DHÉANAMH AR NA PRÓISIS AOSAITHE LE hAGHAIDH DEOCHANNA BIOTÁILLEACHA

Ainm:

Seoladh:

Uimhir theileafóin:

Seoladh ríomhphoist:

CUID B

LIOSTA COMHLACHTAÍ A CEAPADH LE MAOIRSEACHT A DHÉANAMH AR NA PRÓISIS AOSAITHE LE hAGHAIDH DEOCHANNA BIOTÁILLEACHA

I gcás gach comhlachta, tugtar an fhaisnéis seo a leanas:

Ainm:

Seoladh:

Uimhir theileafóin:

Seoladh ríomhphoist:

Freagracht ar leith:

CUID C

COMHLACHT IDIRCHAIDRIMH

Ainm:

Seoladh:

Uimhir theileafóin:

Seoladh ríomhphoist:

IARSCRÍBHINN II

An fhoirm le haghaidh an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 1(2)

Ballstát:

Dáta an fhógra:

Líontar isteach Cuid A más rud é go n-ainmnítear údarás inniúil aonair chun a áirithiú go gcomhlíonfar Rialachán (AE) 2019/787 nó Cuid B más rud é go n-ainmnítear níos mó ná údarás inniúil amháin. Sa dara cás, líontar isteach Cuid C freisin.

CUID A

ÚDARÁS INNIÚIL A BHEIDH FREAGRACH AS A ÁIRITHIÚ GO gCOMHLÍONFAR RIALACHÁN (AE) 2019/787

Ainm:

Seoladh:

Uimhir theileafóin:

Seoladh ríomhphoist:

CUID B

LIOSTA ÚDARÁS INNIÚIL A BHEIDH FREAGRACH AS A ÁIRITHIÚ GO gCOMHLÍONFAR RIALACHÁN (AE) 2019/787

I gcás gach údaráis inniúil, tugtar an fhaisnéis seo a leanas:

Ainm:

Seoladh:

Uimhir theileafóin:

Seoladh ríomhphoist:

Freagracht ar leith:

CUID C

COMHLACHT IDIRCHAIDRIMH

Ainm:

Seoladh:

Uimhir theileafóin:

Seoladh ríomhphoist: